

Coláiste na nDán, na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Léinn Cheiltigh

Mic Léinn: Ceist a ardú maidir le fadhbanna teagasc – céimeanna molta:

A mhic léinn, a chara,

Tá cur síos gearr sa cháipéis seo ar na céimeanna molta ar cheart duit a ghlacadh chun ceisteanna a ardú faoin teagasc ar líne (nó fiú faoin teagasc ag am ar bith). Féadfaidh tú ceisteanna a ardú tú féin, mar ghrúpa, trí d'ionadaí ábhair i gComhaltas na Mac Léinn, nó trí Thionólaí Coláiste Chomhaltas na Mac Léinn. Ba chóir ceisteanna a ardú ar ríomhphost, ionas go mbeidh rian páipéir ar fáil ón tús. Agus ríomhphost á sheoladh agat, ba cheart duit cloí leis na nósmaireachtaí cuí agus a bheith measúil. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhféadfadh nach mbeadh an léachtóir lena mbaineann ar an eolas go bhfuil fadhb ann go dtí go ndéanfar sin a chur in iúl dó/di. Ba chóir go mbeadh sé indéanta formhór na gceisteanna a réiteach ag leibhéal an Disciplín nó na Scoile. Cuireann Comhaltas na Mac Léinn béim ar leith ar a ról tacaíocht a thabhairt duit maidir leis an ábhar seo.

1. Déan an cheist a ardú ar dtús leis an **léachtóir ábhartha** lena mbaineann an cheist. Mura bhfaigheann tú freagra, nó má fhaigheann tú freagra nach bhfuil tú sásta leis, ba chóir duit dul ar aghaidh go dtí an chéad leibhéal eile.
2. Murab ionann an léachtóir agus comhordaitheoir an mhodúil, is é **comhordaitheoir an mhodúil** an chéad leibhéal eile (an duine a bhfuil príomhfhreagracht an mhodúil air/uirthi, agus a bhfuil a (h)ainm agus sonraí teagmhála le feiceáil ar imlíne an mhodúil).
3. Is é an **Comhordaitheoir Bliana** an chéad chéim eile; is minic a bhíonn an duine seo i gceannas ar chroímhodúil (éigeantach). Beidh a c(h)uid sonraí teagmhála le feiceáil ar Lámhleabhar na Bliana agus ar láithreán gréasáin an Disciplín.
4. Is é an **Ceann Disciplín** an chéad leibhéal eile. Beidh a c(h)uid sonraí ar fáil ar láithreán gréasáin an Disciplín.
5. Ansin tá an **Ceann Scoile**, a mbeidh a c(h)uid sonraí ar fáil ar láithreán gréasáin na Scoile.
6. D'fhéadfadh go mbeadh **oifigeach nó coiste teagmhála idir foireann-mic léinn** ag Disciplíní nó Scoileanna, a chuirfidh ceisteanna ar aghaidh chuig an gcomhalta foirne lena mbaineann, nó chuig an gCeann Disciplín nó Ceann Scoile.
7. Is é **Oifig an Déin** an chéad leibhéal eile. Níor cheart go mbeadh sé riachtanach ceist a chur ar aghaidh chuig an leibhéal seo.

1. Léachtóir	
2. Comhordaitheoir an Mhodúil	
3. Comhordaitheoir Bliana 1st richard.hull@nuigalway.ie, 2nd nick.tosh@nuigalway.ie, 3rd, heike.felzmann@nuigalway.ie	
4. Ceann Disciplín Dr Heike Felzmann	
5. Ceann Scoile Prof. Enrico Dal Lago	
6. Oifigeach Teagmhála Idir Foireann-Mic Léinn sohap@nuigalway.ie	
7. Oifig an Déin collegearts@nuigalway.ie	

